# Ag freastal ar do choinne trí fhísglao

induction
Attend Anywhere

**Tá físghlaonna áisiúil agus éasca le húsáid**

In ionad teacht chuig do choinne, rachaidh tú isteach sa láthair feithimh, bain úsáid as an nasc thíos.

Feicfidh an tseirbhís go bhfuil tú tagtha, agus déanfaidh soláthraí teagmháil leat nuair a bheidh sé/sí réidh.

Ní gá cuntas a chruthú.

Tá físghlaonna sábháilte agus tá do phríobháideacht faoi chosaint.



## Conas freastal ar choinne físe?

Teigh chuig:

## Cad atá de dhíth chun glaoch a dhéanamh?

- **Gaireas** chun físghlao a dhéanamh, ar nós fón póca , taibléad, nó ríomhaire  le ceamara gréasáin agus callaire (ar fáil ar ríomhairí glúine de ghnáth).
- **Nasc idirlín maith** (sreangaithe, wifi nó sonraí soghluaiste). Má tá tú ábalta físeán a fheiceáil ar líne, beidh tú ábalta físghlao a dhéanamh.
- **Áit phríobháideach, le neart solais,** nach gcuirfear isteach ort do do choinne.
- Úsáid an leagan is déanaí de **Edge**, **Safari**, nó **Chrome** chun an físghlao a dhéanamh.

**Microsoft Edge**
Windows

**Apple Safari**
iOS, iPadOS, macOS

**Google Chrome**
Android, Windows, macOS

Féach leathanach a dó chun tuilleadh eolais a fháil maidir le físghlao a dhéanamh

## Cad is gá dom a bheith ar eolas?

### An bhfuil sé sábháilte agus faoi rún?

Tá seomraí físeáin príobháideach. Ní féidir ach le soláthraí údaraithe dul isteach sa seomra nó daoine a ligean isteach i nglaoghrúpa.

Ní stóráiltear aon fhaisnéis a chuireann tú féin isteach.

### Cé mhéid a chosnaíonn glao físe?

Tá an físghlao saor in aisce.

**Leid!** Más féidir leat, úsáid líonra Wi-Fi chun úsáid sonraí soghluaiste a sheachaint.

### Cé mhéid sonraí idirlín a úsáidfidh mé?

Ní úsáideann an físghlao sonraí fad agus atá tú ag fanacht . Nuair a thosaíonn do choinne , úsáideann sé an méid céanna sonraí le Zoom nó Facetime.

## Cén chaoi a ndéanfaidh mé m’fhísghlao?

**1.** Oscail do bhrabhsálaí gréasáin agus cuir isteach seoladh gréasáin na seirbhíse sa bharra seoltaí (ní sa bhosca cuardaigh).

**2.** Chun do ghlao a thosú, bíodh:

- cliceáil **Enter Waiting Area**

  **Enter Waiting Area**

- nó cliceáil **Start Video call** agus roghnaigh do limistéar feithimh.

  Start video call

**3.** Má iarrtar ort, lig do do bhrabhsálaí rochtain a fháil ar do cheamara agus do mhicreafón.

**4.** Lean na leideanna ar an scáileán chun d’fhísghlao a thosú.

**5.** Cliceáil **Leave** chun chríochnú.



### Leideanna!

Cuir d’fhón cliste nó do thaibléad ar an imeall fada.

I nglaonna grúpa, coinnigh do mhicreafón balbhaithe mura bhfuil tú ag labhairt.

Is féidir leat an cnaipe ardú láimhe a úsáid le haghaidh aird.

## Cad a dhéanfaidh mé mura n-oibríonn rud éigin?

Téigh chuig https://consult.attendanywhere.co.uk/troubleshooting

### Tuilleadh Eolais

induction
Attend Anywhere